AN CHÉADAOIN

Ceiliúradh a Dhéanamh ar an Athaontú

23 EANÁIR – 30 EANÁIR 2022

‘Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial.’

(Eoin 10:10)

Intinn Fhoghlama:
Foghlaimeoidh na daltaí faoin tábhacht a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht idirghlúine i measc an phobail Chríostaí.

Critéir Ratha:
Beidh ar chumas na ndaltaí na focail ‘dlúthpháirtíocht idirghlúine’ a mhíniú agus samplaí éagsúla a thabhairt.
Beidh ar chumas na ndaltaí anailís a dhéanamh ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le céimeanna éagsúla na beatha. Beidh ar chumas na ndaltaí na fáthanna le gur chruthaigh an Eaglais Chaitliceach ‘Lá Idirnáisiúnta na Seantuismitheoirí’ le déanaí, a aithint.

Eochairfhocail:
Dlúthpháirtíocht Idirghlúine, Eiseamláir, Muinín, Meas, Tacaíocht, Comharsana, Tallanna, Tuismitheoirí, Seantuismitheoirí, Grá, Teaghlach, Cómhalartacht, Foghlaim, Cairdeas, Creideamh

Grianghraf: iStock photo, Getty images

1. Cad iad na mothúcháin a léiríonn an t-athaontú thuas? Conas mar a léirítear iad?
2. An raibh gaolta aosta, nó cairde, nó comharsana leat féin nach bhfaca tú i rith na dianghlasála de bharr Covid-19? Más rud é nach raibh, an bhfuil aithne agat ar dhaoine eile nach bhfaca an mhuintir aosta, nach bhfaca a gcuid cairde nó na comharsana i rith an ama sin?
3. Cathain nó conas mar a athaontaíodh tusa (nó do chairde) le do mhuintir?
4. Cad é an rud ba mheasa faoi bheith scartha ó do mhuintir agus ó do chairde i rith na dianghlasála a tharla de bharr na paindéime? Cad é an rud ab fhearr faoin athaontú?
5. An raibh na daoine aosta go mór i ndiaidh imeachtaí eile i rith na dianghlasála; seirbhísí eaglasta mar shampla?
6. Cén éagsúlacht atá ann maidir leis an ngaol a bheadh agat le daoine aosta agus an gaol a bheadh agat le daoine ar chomhaois leat féin?

Smaoinigh – Péireáil - Roinn:
Rinne Deborah Haddix, seantuismitheoir Meiriceánach, liosta de na buntáistí a bhain le bheith ag dul in aois (féach thíos). Sula léann tú iad, an féidir leat do liosta féin a scríobh?

Smaoinigh:
Ainmnigh 5 bhuntáiste a bhaineann le bheith ag dul in aois.

Péireáil:
Roinn na buntáistí sin le duine eile, agus abair cén fáth gur phioc tú iad. Lig don duine eile an rud céanna a dhéanamh. Scríobh liosta amháin leis na moltaí ar fad ann.

Roinn:
Déanann an rang na moltaí uile a phlé.

Grianghraf le RODNAE: iStock photo, Getty images

Éist nuair a léann an t-oide (nó duine eile) an liosta buntáistí a scríobh Deborah Haddix. An bhfuil sé ar aon bhealach cosúil leis an liosta a chruthaigh an rang?

An gcuireann buntáiste ar bith ar an liosta ionadh ort?

Cad iad na buntáistí is mó a bhaineann le bheith óg?

Seanmháthair Chríostaí í Deborah Haddix a chónaíonn sna Stáit Aontaithe. Cuireann sí síos anseo ar na buntáistí a bhaineann le bheith ag dul in aois:

1. Sástacht Leanúnach: Baineann sástacht le bheith ag leanúint pleananna Dé dúinn. 'Táimid níos compordaí ionainn féin anois. Is féidir linn maireachtáil go sona de réir ár dtuairimí féin. Tuigimid na rudaí is tábhachtaí sa saol.'

2. Eagnaíocht Bhreise: 'Is iad na daoine aosta an mhuintir a rinne na héachtaí ina saol.'

3. Róil Úra: Bheith mar sheantuismitheoirí, nó mar eiseamláir ar bhealaí eile.

4. Neart Spioradálta: Tagann meath ar an neart fisiceach, ach is féidir an spiorad a láidriú.

(Ó: Deborah Haddix, '8 Benefits of Aging Worth Celebrating', crosswalk.com; https://www.crosswalk.com/faith/seniors/8-benefits-of-aging-worth-celebrating.html rochtain: 17 Mí na Samhna 2021.)

Litearthacht

Aimsigh na tagairtí thíos ón mBíobla, agus scríobh sa leabhar nótaí iad.

1. Seanfhocal 3:13
2. Salm 90:12

Cén fáth gur téacsanna ábhartha do dhaoine óga, chomh maith le seandaoine a bheadh iontu?

Déan cóip den léaráid seo agus líon isteach (a) buntáistí na hóige, (b) buntáistí na ndaoine aosta, agus (c) na buntáistí a bheadh comónta don dá dhream.

LÁ DOMHANDA NA SEANTUISMITHEOIRÍ AGUS NA nDAOINE AOSTA

DOMHNACH 25 IÚIL 2021

TÉAMA: 'TÁIM IN ÉINEACHT LIBH I gCÓNAÍ' (MATHA 28:20)

Grianghraf:
www.catholicgrandparentsassociation.org

Rinneadh an chéad Lá Domhanda na Seantuismitheoirí agus na nDaoine Aosta a cheiliúradh ar an 25 Iúil 2021. Catherine Wiley a bhunaigh Cumann na Seantuismitheoirí Caitliceacha (CGA) sa bhliain 2001, nuair a rinneadh seantuismitheoirí di féin agus dá fear céile. Bunaíodh ceann de na brainsí is túisce a bunaíodh taobh amuigh den Ríocht Aontaithe in Éirinn, toisc go bhfuil teach ag muintir Wiley in aice le Cnoc Mhuire. Sa bhliain 2008, d'iarr an cumann ar an bPápa Beinidict paidir a scríobh ar son na seantuismitheoirí, rud a rinne sé. Sa bhliain 2012, ag ócáid ag an gComhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath d'iarr an cumann go mbunófaí Lá Domhanda na Seantuismitheoirí, toisc gur éirigh chomh maith sin go rialta cheana féin le Lá Domhanda na nÓg. Ag Oilithreacht Náisiúnta na Seantuismitheoirí 2017 chuig Cnoc Mhuire, beannaíodh agus seoladh iarratas foirmiúil chuig an bPápa Proinsias. Bheannaigh an tArdeaspag Michael Neary, Ardeaspag Emeritus Tuaim agus caomhnóir an CGA an t-iarratas. D'éirigh leis an iarratas sa bhliain 2021 agus déanfar Lá Domhanda na Seantuismitheoirí agus na nDaoine Aosta a cheiliúradh in aghaidh na bliana as seo amach.

Breathnaigh ar an ngearrthóg seo le bhur dtoil, is ó EWTN News di. (1:04 go 5:23): https://www.youtube.com/ watch?v=kSVRc6eN1YM&t=64s

Nuair a bhíonn an ghearrthóg feicthe agaibh, déan an meabhairmhapa thíos a chóipeáil, agus líon isteach na daoine ábhartha seo air; na daoine a chruthaigh an lá, aon naomh atá luaite leis an lá, na fáthanna le gur cruthaíodh an lá, agus na bealaí ina ndéantar an lá seo a cheiliúradh.



Gníomhaíocht Shínithe:
D'ainmnigh an Eaglais laethanta in onóir na ngrúpaí eile chomh maith. Roghnaigh ceann amháin thíos agus faigh amach cathain a bhíonn an ceiliúradh agus cén fáth gur ainmníodh an lá sin.
Lá Domhanda na nEaslán: https://dublindiocese.ie/world-day-of-the-sick-2021/

Lá Domhanda na mBocht:
https://www.catholicbishops.ie/2017/11/17/message-of-pope-francis-for-the-first-world-day-of-the-poor/

Lá Domhanda na nImirceach:
https://migrants-refugees.va/world-day-of-migrants-refugees/

Lá Domhanda na nÓg:
https://worldyouthday.com/about-wyd

Anois ós rud é go bhfuil an lá le clapsholas, glacaim sos beag, análaím go domhain, agus cuimhním ortsa, a Dhia. Tá tuirse ar mo chorp, ach tá mo chroí lán den dóchas. Tá pianta agam i mo cholainn, ach tá mo spiorad faoi shuaimhneas. Bainim searradh asam féin agus luím síos don tráthnóna.
Deonaigh go ndéanfaidh mé dearmad ar gach ábhar buartha, go mbogfaidh na matáin tuirsithe ionam, go stopfaidh an sileadh ó mo shrón, go gcuirfidh mé mo phleananna ar athlá, agus go mbeidh mé ar mo sháimhín só go fóill. Lig dom codladh go sámh i do bhaclainn go ndúisím ag fáinne geal an lae, le fáilte ghrámhar a chur athuair romhat.
Amen.

– Robert J. Wicks

Is é Robert Wicks, síceolaí cliniciúil agus údar tábhachtach a scríobhann maidir leis an gceangal atá ann idir an spioradáltacht agus an tsíceolaíocht, a chum an phaidir seo. Scríobh sé dó féin mar dhuine aosta é, le go bhféadfadh daoine eile é a rá chomh maith. (Foilsithe le cead an údair.)